

IARSCRÍBHINN V

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 18 den Phrótacal: buanfhorálacha eile**1. DLÍ CUIDEACHTAÍ****An Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 3, Saorghluaiseacht earraí**

SÁSRA SONRACH

I dtaca leis an mBulgáir nó leis an Rómáin, féadfaidh sealbhóir paitinne nó deimhnithe fhorlíoantaigh chosanta do tháirge cógaisíochta arna chomhdú i mBallstát tráth nárbh fhéidir cosaint a fháil don táirge sin i gceann de na Ballstáit nua thuasluaite, nó tairbhí an tsealbhóra sin, brath ar na cearta arna ndeonú ag an bpaitinn sin nó ag an deimhniú forlíoantach cosanta sin d'fhonn allmhairiú agus margaíocht an táirge sin a chosc sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina dtairbhíonn an táirge i dtrácht de chosaint phaitinne nó de chosaint fhorlíoantach, fiú más eisean a chuir an táirge ar an margadh sa Bhallstát nua sin den chéad uair nó a thoiligh dó.

Aon duine a bhfuil sé ar intinn aige táirge cógaisíochta atá folaithe ag an mír thuas a allmhairiú nó a chur ar an margadh i mBallstát ina dtairbhíonn an táirge de chosaint phaitinne nó de chosaint fhorlíoantach, taispeánfaidh sé do na húdaráis inniúla san iarratas i ndáil leis an allmhairiú sin gur tugadh réamhfhógra aon mhíosa do shealbhóir nó do thairbhí cosanta den sórt sin.

2. BEARTAS IOMAÍOCHTA**An Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 5, Rialacha iomaíochta**

1. Na scéimeanna cabhrach agus an chabhair leithleach seo a leanas arna gcur in éifeacht i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar tráth an aontachais gur cabhair atá ann iad de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunreacht:
 - (a) bearta cabhrach a cuireadh in éifeacht roimh an 10 Nollaig 1994;
 - (b) bearta cabhrach atá liostaithe san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;
 - (c) bearta cabhrach a rinne an t-údarás faireacháin státchabhrach de chuid an Bhallstáit nua a mheasúnú roimh dháta an aontachais agus a fuarthas a bheith ag luí leis an acquis, agus nach ndearna an Coimisiún agóid ina leith ar an bhforas go raibh amhras tromchúiseach ann an raibh an beart ag luí leis an gcómhargadh, de bhun an nós imeachta atá leagtha amach i mír 2.

Gach beart atá fós infheidhme tar éis dháta an aontachais arb éard é státchabhair agus nach gcomhallann na coinníollacha atá leagtha amach thuas, measfar gur cabhair nua é tráth an aontachais chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal III-168(3) den Bhunreacht.

Níl feidhm ag na forálacha thuas maidir le cabhair d'earnáil an iompair ná do ghníomhaíochtaí atá nasctha leis na táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an mBunreacht a tháirgeadh, a phróiseáil nó a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí atá díorthaithe uathu.

Beidh na forálacha thuas gan dochar freisin do na bearta idirthréimhseacha i dtaca le beartas iomaíochta atá leagtha amach sa Phrótacal agus do na bearta atá leagtha síos in Iarscríbhinn VII, Caibidil 4, Roinn B, a ghabhann leis an bPrótacal.

2. Sa mhéid gur mian le Ballstát nua go scrúdódh an Coimisiún beart cabhrach faoin nós imeachta atá tuairiscithe i mír 1(c), soláthróidh sé go tráthrialta don Choimisiún:
 - (a) liosta de bhearta cabhrach atá ann atá measúnaithe ag an údarás náisiúnta faireacháin stáitchabhrach agus a fuair an t-údarás sin a bheith ag luí leis an acquis; agus
 - (b) aon fhaisnéis eile atá fíor-riachtanach chun a mheasúnú an bhfuil an beart cabhrach atá le scrúdú comhchuí,

i gcomhréir leis an bhformáid shonrach tuarascála arna soláthar ag an gCoimisiún.

Mura ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne an bhirt chabhrach atá ann ar an bhforas go bhfuil amhras tromchúiseach ann an bhfuil an beart ag luí leis an gcómhargadh, laistigh de 3 mí tar éis dó an fhaisnéis iomlán maidir leis an mbeart sin a fháil nó ráiteas a fháil ón mBallstát nua ina gcuireann sé in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar iomlán toisc nach bhfuil an fhaisnéis bhreise a iarradh ar fáil nó gur soláthraíodh cheana í, measfar nach bhfuil an Coimisiún tar éis agóid a dhéanamh.

Gach beart cabhrach a thíolactar don Choimisiún faoin nós imeachta atá tuairiscithe i mír 1(c) roimh dháta an aontachais, beidh sé faoi réir an nós imeachta thuas, is cuma go bhfuil an Ballstát nua tar éis teacht cheana chun bheith ina chomhalta den Aontas i rith na tréimhse scrúdaithe.

3. Measfar cinneadh ón gCoimisiún chun agóid a dhéanamh i leith birt, de réir bhrí mhír 1(c), mar chinneadh chun nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm ⁽¹⁾.

Má ghlactar cinneadh den sórt sin roimh dháta an aontachais, ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí dáta an aontachais.

4. Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal III-168 den Bhunreacht, scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeonú in earnáil an iompair agus arna gcur in éifeacht i mBallstát nua roimh dháta an Aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair atá ann iad de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunreacht, faoi réir an choinníll seo a leanas:

— cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid sin faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleananna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais.

Measfar gur cabhair 'atá ann' de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunreacht na bearta cabhrach sin go dtí deireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais.

Leasóidh na Ballstáit nua na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte a chomhlíonadh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi dheireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

⁽¹⁾ IO L 83, 27.3.1999, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 22.3.2003, lch. 33).

5. A mhéad a bhaineann leis an Rómáin, ní bheidh feidhm ag mír 1(c) ach amháin maidir le bearta cabhrach arna measúnú ag an údarás faireacháin stáitchabhrach de chuid na Rómáine tar éis an dáta a bheidh leibhéal sásúil sroichte ag teist fhorghníomhú na stáitchabhrach sa Rómáin sa tréimhse roimh an aontachas, dáta a chinneadh an Coimisiún ar bhonn faireacháin leanúnaigh ar na gealltanais arna nglacadh ar láimh ag an Rómáin i gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais. Ní mheasfar go bhfuil an leibhéal sásúil sin sroichte ach amháin nuair a bheidh léirithe ag an Rómáin go bhfuil rialú iomlán ceart ar stáitchabhair á chur i bhfeidhm go comhchuí aici i ndáil le gach beart cabhrach arna dheonú sa Rómáin; áirítear leis sin go nglacfaidh an t-údarás faireacháin stáitchabhrach de chuid na Rómáine cinntí atá réasúnaithe go láncheart ina mbeidh measúnú beacht ar chineál stáitchabhrach gach birt agus feidhmiú ceart na gcritéar comhoiriúnachta agus go gcuirfidh sé na cinntí sin chun feidhme.

Ar an bhforas go bhfuil amhras tromchúiseach ann an bhfuil an beart ag luí leis an gcómhargadh, féadfaidh an Coimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne aon bhiirt chabhrach arna dheonú i rith na tréimhse réamhaontachais idir an 1 Meán Fómhair 2004 agus an dáta arna shocrú sa chinneadh thuasluaite ón gCoimisiún gur shroich an teist fhorghníomhaithe leibhéal sásúil. Measfar cinneadh ón gCoimisiún chun agóid a dhéanamh i leith birt mar chinneadh chun nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999. Má ghlactar cinneadh den sórt sin roimh dháta an aontachais, ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí dáta an aontachais.

Má ghlacann an Coimisiún cinneadh diúltach tar éis dó an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh, cinnfidh sé go ndéanfaidh an Rómáin gach beart is gá chun an chabhair a aisghabháil go héifeachtúil ón tairbhí. Cuimseoidh an chabhair a bheidh le haisghabháil ús ag ráta iomchuí arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ⁽¹⁾, a bheidh infíoctha ón dáta céanna.

3. TALMHAÍOCHT

(a) **Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil III, Roinn 4, Talmhaíocht agus iascach**

1. Is é an Chomhphobal a ghabhfaidh chuige féin stoic phoiblí atá á sealbhú ar dháta an aontachais ag na Ballstáit nua de thairbhe a mbeartas tacaíochta do mhargaí ag an luach a leanann ó chur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 1883/78 ón gComhairle an 2 Lúnasa 1978 ag leagan síos rialacha ginearálta do mhaoiniú idirghabhála ag Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta ⁽²⁾. Ní ghabhfar na stoic sin ach ar choinníoll go ndéantar idirghabháil phoiblí sa Chomhphobal do na táirgí i dtrácht agus go gcomhallfaidh na stoic ceanglais idirghabhála an Chomhphobail.
2. Aon stoc de tháirgí, bíodh sé príobháideach nó poiblí, atá ar saorchúrsaíocht laistigh de chríoch na mBallstát nua ar dháta an aontachais agus a théann thar an gcainníocht ba inmheasta mar ghnáthstoc le tabhairt anonn, ní foláir é a dhíchur ar chostas na mBallstát nua.

Déanfar an coincheap 'gnáthstoic le tabhairt anonn' a shainiú do gach táirge i bhfianaise na gcritéar agus na gcuspoirí is sonrach do gach comheagraíocht mhargaidh.

3. Déanfar na stoic dá dtagraítear i mír 1 a bhaint as an gcainníocht a théann thar an ngnáthstoc le tabhairt anonn.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21.4.2004 ag cur Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle chun feidhme ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1).

⁽²⁾ IO L 216, 5.8.1978, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1259/96 (IO L 163, 2.7.1996, lch. 10).

4. Déanfaidh an Coimisiún na socruithe atá tuairiscithe thuas a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le maoiniú an chomhbheartais talmhaíochta ⁽¹⁾ nó, mar is iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 30 Meitheamh 2001 maidir le comheagraíocht na margaí in earnáil an tsiúcra ⁽²⁾, nó sna hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta nó i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme.

(b) **An Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 5, Rialacha iomaíochta**

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal III-168 den Bhunrecht, measfar faoi réir an choinníll seo a leanas gur cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunrecht scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeontú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an mBunrecht a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí atá díorthaithe uathu, arna gcur i gcrích i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin:

- cuirfeadh na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid sin faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleananna chun cabhracha a dheontú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhracha den sórt sin.

Measfar gur cabhair ‘atá ann’ de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunrecht na bearta cabhrach sin go dtí deireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais.

Leasóidh na Ballstáit nua na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte a chomhlíonadh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi dheireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

4. AN tAONTAS CUSTAIM

An Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 3, Saorghluaiseacht earraí, Foroinn 1, Aontas Custaim

31992 R 2913: Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO Uimh. L 302, 19.10.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

31993 R 2454: Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32003 R 2286: Rialachán (CE) Uimh. 2286/2003 ón gCoimisiún an 18.12.2003 (IO L 343, 31.12.2003, lch. 1).

⁽¹⁾ IO L 160, 26.6.1999, lch. 103.

⁽²⁾ IO L 178, 30.6.2001, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 39/2004 ón gCoimisiún (IO L 6, 10.1.2004, lch. 16).

Beidh feidhm ag Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

CRUTHÚNAS AR STÁDAS COMHPHOBAIL (TRÁDÁIL LAISTIGH DEN CHOMHPHOBAL ARNA MHÉADÚ)

1. D'ainneoin Airteagal 20 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92, earraí atá ar dháta an aontachais i stóráil shealadach nó faoi cheann de na córacha agus nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(15)(b) agus (16)(b) go (g) den Rialachán sin sa Chomhphobal arna mhéadú, nó atá á n-iompar laistigh den Chomhphobal arna mhéadú tar éis a bheith faoi réir foirmiúlachtaí custaim, beidh siad saor ó dhleachtanna custaim agus ó bhearta eile custaim nuair a dhearbhfófar do scaoileadh i saorchúrsaíocht iad laistigh den Chomhphobal arna mhéadú ar choinníoll go dtíolacfar aon cheann de na cruthúnais seo a leanas:

- (a) cruthúnas ar thionscnamh fabhair arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go ceart faoi cheann de na Comhaontuithe Eorpacha atá liostaithe thíos nó faoi na comhaontuithe fabhair coibhéiseacha arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit nua féin a bhfuil toirmeasc ann ar aisíocaíocht dleachtanna custaim ar ábhair neamh-thionscnaimh arna n-úsáid i monarú táirgí a ndéantar cruthúnas ar thionscnamh a eisiúint nó a dhéanamh amach ina leith nó toirmeasc ar dhíolúine ó dhleachtanna custaim den sórt sin (riail na neamh-aisíocaíochta);

Na Comhaontuithe Eorpacha

— 21994 A 1231 (24) An Bhulgáir: Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Bulgáire, den pháirt eile — Prótacal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus maidir le modhanna comhair riaracháin ⁽¹⁾;

— 21994 A 1231 (20) An Rómáin: Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile — Prótacal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus maidir le modhanna comhair riaracháin ⁽²⁾.

- (b) aon cheann de na meáin chruthúnais ar stádas Comhphobail dá dtagraítear in Airteagal 314c de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93;

- (c) carnet ATA arna eisiúint roimh dháta an aontachais i mBallstát láithreach nó i mBallstát nua.

2. Chun críocha na cruthúnais dá dtagraítear i mír 1(b) thuas a eisiúint i ndáil leis an staid ar dháta an aontachais agus i dteannta le forálacha Airteagal 4(7) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92, ciallóidh 'earraí Comhphobail':

— earraí arna bhfáil go hiomlán ar chríoch aon cheann de na Ballstáit nua faoi choinníollacha is comhionann le coinníollacha Airteagal 23 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 nach n-ionchorpraíonn earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó ó chríocha eile; nó

— earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó ó chríocha seachas an tír i dtrácht agus arna scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta sa tír sin; nó

— earraí arna bhfáil nó arna dtáirgeadh sa tír i dtrácht ó earraí dá dtagraítear sa dara fleasc den mhír seo, agus uathu siúd amháin, nó ó earraí dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc den mhír seo.

⁽¹⁾ IO L 358, 31.12.1994, lch. 3. Prótacal mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 1/2003 ó Chomhairle Chomhlachais AE/na Bulgáire an 4.6.2003 (IO L 191, 30.7.2003, lch. 1).

⁽²⁾ IO L 357, 31.12.1994, lch. 2. Prótacal mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/2003 ó Chomhairle Chomhlachais AE/na Rómáine an 25.9.2003 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil).

3. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 1(a) thuas, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú den choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus ag modhanna comhair riaracháin faoi na Comhaontuithe Eorpacha faoi seach nó na comhaontuithe fabhair coibhéiseacha arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit nua féin. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain na gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH FABHAIR (TRÁDÁIL LE TRÍÚ TÍORTHA, LENA nÁIRÍTEAR AN TUIRC, FAOI CHUIMSIÚ NA gCOMHAONTUITHE FABHAIR MAIDIR LE TALMHAÍOCHT, GUAL AGUS TÁIRGÍ CRUACH)

4. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glacfar sna Ballstáit nua faoi seach le cruthúnais ar thionscnamh arna n-eisiúint go ceart ag tríú tíortha nó arna ndéanamh amach faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit nua leis na tíortha sin nó arna n-eisiúint nó arna ndéanamh amach faoi chuimsiú reachtaíocht náisiúnta aontaobhach na mBallstát nua, ar chuntar:

- (a) go ndeonóidh fáil tionscnaimh den sórt sin cóir tharaife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó i socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal leis na tríú tíortha sin nó le grúpaí díobh nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92; agus
- (b) go n-eiseofar nó go ndéanfar amach an cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
- (c) go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh do na húdaráis chustaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

Nuair atá earraí dearbhaithe le haghaidh scaoileadh do shaorchúrsaíocht i mBallstát nua roimh dháta an aontachais, féadfar glacadh freisin sa Bhallstát nua i dtrácht leis an gcruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cúlghabhálach faoi na comhaontuithe nó socruithe fabhair atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua sin ar dháta an scaoilte go shaorchúrsaíocht, ar chuntar go dtíolacfar do na húdaráis chustaim é laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

5. Na húdruithe lenar deonaíodh an stádas 'onnmhaireoirí formheasta' faoi chuimsiú comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha, údaraítear don Bhulgáir agus don Rómáin iad a choinneáil, ar chuntar:

- (a) go bhforálfar freisin don fhoráil sin i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích roimh dháta an aontachais ag na tríú tíortha sin leis an gComhphobal; agus
- (b) go gcuirfidh na honnmhaireoirí formheasta na rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear sna comhaontuithe sin i bhfeidhm.

Déanfaidh na Ballstáit nua údruithe nua arna n-eisiúint faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail a chur in ionad na n-údruithe sin tráth nach déanaí ná bliain tar éis dháta an aontachais.

6. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 4 thuas, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú den choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus ag modhanna comhair riaracháin na gcomhaontuithe nó na socruithe ábhartha. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain na gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

7. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glactar sna Ballstáit nua le cruthúnais ar thionscnamh, arna n-eisiúint go cúlghabhálach ag tríú tíortha faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal leis na tíortha sin, i gcás earraí a scaoileadh do shaorchúrsaíocht atá ar dháta an aontachais i gceann de na tríú tíortha sin nó sa Bhallstát nua sin, bídis ar a mbealach, i stóráil shealadach, i stóras custaim nó i saorchrios, ar chuntar nach raibh, tráth eisithe na ndoiciméad iompair, comhaontú saorthrádála leis an tríú tír i bhfeidhm i gcás na dtáirgí sin ag an mBallstát nua inar tharla an scaoileadh do shaorchúrsaíocht, agus ar chuntar:

- (a) go ndeonóidh fáil tionscnaimh den sórt sin cóir tharaife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó i socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha nó grúpaí díobh nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92; agus
- (b) go n-eiseofar na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
- (c) go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint go cúlghabhálach do na húdaráis chustaim laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais.

8. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 7 thuas, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú den choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus ag modhanna comhair riaracháin na gcomhaontuithe nó na socruithe ábhartha.

CRUTHÚNAS AR STÁDAS FAOI NA FORÁLACHA MAIDIR LE SAORCHÚRSAÍOCHT LE HAGHAIDH TÁIRGÍ TIONSCLAÍOCHA LAISTIGH D'AONTAS CUSTAIM CE-NA TUIRCE

9. Cruthúnais ar thionscnamh arna n-eisiúint go ceart ag an Tuirc nó ag Ballstát nua faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair trádála arna gcur i bhfeidhm eatarthu a cheadaíonn carnadh tionscnaimh leis an gComhphobal arna bhunú ar rialacha comhionanna tionscnaimh agus ar thoirmeasc ar aon aisíocaíocht ar dhleachtanna custaim ar na hearraí i dtrácht nó aon fhionraí ar na dleachtanna sin, glactar leo sna tíortha faoi seach mar chruthúnas ar stádas faoi na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha arna leagan síos i gCinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce ⁽¹⁾, ar chuntar:

- (a) go n-eiseofar an cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
- (b) go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh do na húdaráis chustaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

Nuair atá earraí dearbhaithe le haghaidh scaoileadh do shaorchúrsaíocht sa Tuirc nó i mBallstát nua roimh dháta an aontachais, faoi chuimsiú na gcomhaontuithe fabhair trádála thuasluaite, féadfar glacadh freisin leis an gcruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint go cúlghabhálach faoi na comhaontuithe sin ar chuntar go dtíolacfar do na húdaráis chustaim é laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

10. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 9, beidh feidhm ag na forálacha sin de na comhaontuithe fabhair ábhartha a bhaineann leis an sainmhíniú den choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus leis na modhanna comhair riaracháin. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain na gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce an 22.12.1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme (IO L 35, 13.2.1996, lch. 1). Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/99 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce (IO L 72, 18.3.1999, lch. 36).

11. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glactar sna Ballstáit nua le teastas gluaiseachta A.TR arna eisiúint faoi na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha, arna leagan síos i gCinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce, le haghaidh scaoileadh earraí do shaorchúrsaíocht atá ar dháta an aontachais ar iompar tar éis a bheith faoi réir foirmiúlachtaí onnmhairíochta laistigh den Chomhphobal nó sa Tuirc, nó atá i stóráil shealadach nó faoin nós imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4 (16)(b) go (h) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 sa Tuirc nó sa Bhallstát sin, ar chuntar:

- (a) nach dtíolacfar aon chruthúnas ar thionscnamh mar a thagraítear dó i mír 9 le haghaidh na n-earraí i dtrácht; agus
- (b) go gcomhlíonfaidh na hearraí na coinníollacha chun na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha a chur chun feidhme; agus
- (c) go n-eiseofar na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
- (d) go dtíolacfar an teastas gluaiseachta A.TR do na húdaráis chustaim laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais.

12. Chun críocha na teastais ghluaiseachta A.TR dá dtagraítear i mír 11 thuas a fhíorú, beidh feidhm ag na forálacha maidir le heisiúint teastas gluaiseachta A.TR agus le modhanna comhair riaracháin faoi Chinneadh Uimh. 1/2001 ó Choiste CE-na Tuirce um Chomhar Custaim ⁽¹⁾.

NÓSANNA IMEACHTA CUSTAIM

13. An stóráil shealadach agus na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(b) go (h) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus a thosaigh roimh an aontachas, déanfar iad a chríochnú nó a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail.

Nuair a éiríonn fiachas custaim as an gcríochnú nó as an urscaoileadh, is é an méid dleachta allmhairíochta a bheidh le n-íoc an méid atá i bhfeidhm i gcomhréir leis an gComhtharaif Chustaim nuair a thabhaítear an fiachas custaim agus measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc.

14. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn stórasú custaim atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 98 go 113 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 535 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta, a gcustamluacha agus a gcainníochta tráth glactha an dearbhaithe iad a bheith curtha faoi stórasú custaim agus nuair a glacadh leis an dearbhú sin roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht.

15. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil isteach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 114 go 129 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 536 go 550 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 1/2001 ó Choiste CE-na Tuirce um Chomhar Custaim an 28.3.2001 ag leasú Chinneadh Uimh. 1/96 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce a chur i bhfeidhm (IO L 98, 7.4.2001, lch. 31). Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 1/2003 ó Choiste CE-na Tuirce um Chomhar Custaim (IO L 28, 4.2.2003, lch. 51).

- nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta, a rangaithe taraife, a gcainníochta, a gcustamluacha agus a dtionscnaimh tráth a gcurtha faoin nós imeachta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht;
- nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhonn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí sna Ballstáit nua, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail ó dháta an aontachais;
- má glacadh leis an dearbhú um próiseáil isteach faoi chóras aisíocaíochta dleachta, is é an Ballstát nua ar a chostas féin a dhéanfaidh an aisíocaíocht dleachta faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail más roimh dháta an aontachais a tabhaíodh an fiachas custaim a n-iarrtar aisíocaíocht dleachta ina leith.

16. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn allmhairiú sealadach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 137 go 144 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 553 go 584 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta, a rangaithe taraife, a gcainníochta, a gcustamluacha agus a dtionscnaimh tráth a gcurtha faoin nós imeachta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht;
- nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhonn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí sna Ballstáit nua, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail ó dháta an aontachais.

17. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil amach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 145 go 160 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 585 go 592 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- beidh feidhm ag an dara mír d'Airteagal 591 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 mutatis mutandis maidir le hearraí onnmhairíochta sealadaí arna n-onnmhairiú go sealadach ó na Ballstáit nua roimh dháta an aontachais.

FORÁLACHA EILE

18. Beidh údaruithe arna ndeonú roimh dháta an aontachais ar mhaithe leis na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(d), (e) agus (g) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 bailí go dtí deireadh a mbailíochta nó bliain amháin tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

19. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn tabhú fiachais chustaim, iontráil sna cuntais agus gnóthú iar-imréitigh atá leagtha síos in Airteagail 201 go 232 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 859 go 876a de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- déanfar an gnóthú faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a tabhaíodh an fiachas custaim roimh dháta an aontachais, áfach, déanfar an gnóthú faoi na coinníollacha atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua i dtrácht roimh an aontachas agus is é an Ballstát nua sin a dhéanfaidh an gnóthú ina fhabhar féin.

20. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn dleacht a aisíoc agus a loghadh atá leagtha síos in Airteagail 235 go 242 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 877 go 912 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- déanfar dleachtanna a aisíoc agus a loghadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a bhaineann na dleachtanna a n-iarrtar a n-aisíocaíocht nó a loghadh le fiachas custaim a tabhaíodh roimh dháta an aontachais, áfach, déanfar an aisíocaíocht agus an loghadh dleachtanna faoi na coinníollacha atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua i dtrácht roimh an aontachas agus is é an Ballstát sin a dhéanfaidh sin ar a chostas féin.
